

An tionchar a bhíonn ag na meáin chumarsáide orainn

Ceacht 8



A aithint gur féidir leis na meáin a bheith ina bhfoinse eolais

Cuspóir Foghlama

Ba chóir go mbeadh na leanaí ina ann a aithint gur féidir leis na meáin chumarsáide a bheith ina bhfoinse eolais.

Toradh Foghlama

Cur síos ar ghnáthshamplaí laethúla d'eolas a fhaigheann tú i rith an lae agus luaigh roinnt samplaí d'fhoinsí an eolais sin.

Nótaí an Mhúinteora

Ní hamháin go mbíonn na meáin chumarsáide ag iarraidh rudaí a dhíol linn ach is féidir leo eolas a sholáthar dúinn dár saol laethúil freisin.

Modheolaíocht

- Caint agus plé
- Foghlaim ghníomhach
- Comharfhoghlaim
- Réiteach fadhbanna
- Scileanna trí mheán an ábhair
- Ag úsáid na timpeallachta

An tionchar a bhíonn ag na meáin chumarsáide orainn

Ceacht 8



Cur Chuige

Céim 1: Cad is Faisnéis ann?

- Fiafraigh de na leanaí an bhfuil a fhios acu cad is faisnéis ann?
- Mínigh gurb é is brí leis ná fíricí a sholáthraítear nó a fhoghlaimítear faoi rud éigin nó faoi dhuine éigin.
- Fiafraigh de na leanaí an féidir leo sampla a thabhairt duit de phíosa faisnéise a chuala nó a chonaic siad inniu nó inné.
- Mínigh do na leanaí go mbíonn faisnéis ag teastáil uainn go léir mar go bhfuil sí riachtanach.
- Mínigh go mbainimid féin agus ár dteaghlaigh úsáid as a lán faisnéise ar bhonn laethúil – nuacht, oidis, gairneoireacht, díolacháin, liostálacha don phictiúrlann, amchláir, etc
- Iarr ar na leanaí a machnamh a dhéanamh ar na cineálacha éagsúla meán ina mbeadh faisnéis ar fáil.
- Seans go luafadh na leanaí iad seo a leanas:
 - Cineama – faisnéis faoi scannán nua
 - Irisleabhair – oidis, comhairle faoin ngairneoireacht, faisnéis faoi bhréagán nó cluiche nua
 - Póstaer – amchláir don bhus, faisnéis faoi bhréagán, cluiche, bia nó scannán
 - Teilifís – faisnéis faoi bhréagán, cluiche, bia nó scannán, nuacht dhomhanda
 - Raidió – faisnéis faoi scannán nua nó albam ceol, nuacht dhomhanda
 - Suíomhanna gréasáin – amchláir don fhaisnéis faoi bhréagán, cluiche, bia nó scannán, nuacht dhomhanda
 - Cluichí ríomhaireachta – faisnéis faoi chluiche ríomhaireachta nua
 - Aipeanna ar tháibléid – faisnéis faoi bhréagán, cluiche, bia nó scannán
 - Na Meáin Shóisialta – faisnéis faoi bhréagán, cluiche, bia nó scannán nó albam ceoil.
- Iarr ar na leanaí breathnú mórthimpeall an tseomra ranga/na scoile le haghaidh na meán ar foinsí faisnéise iad – póstaer, leabhair, irisleabhair, an ríomhaire, an clár bán.

Céim 2: Spléachadh ar na Meáin

- Cuir i gcuimhne do na leanaí gur imir siad cluiche maidir leis na meáin chumarsáide i gceacht 1.
- Fiafraigh de na leanaí an cuimhin leo aon chineáil meáin a bhfuiltear ag tagairt dó, bunaithe ar an bhfaisnéis atá á soláthar ag an meán sin:
 - Tá sé seo déanta as páipéar agus is féidir leat nuacht a léamh uaidh. *Páipéar Nuachta*
 - Seans go mbeadh ceann díobh seo agat i do sheomra suí nó sa chistin, agus taispeántar íomhánna air agus is féidir amharc ar a lán clár teilifíse air. *Teilifís*
 - Is féidir leat é seo a chur ar do ghlúine agus cluichí a imirt air nó brabhsáil ar an idirlíon air. *Ríomhaire glúine.*
 - Déanann daoine glaonna gutháin air, ach is féidir é a úsáid freisin chun brabhsáil ar an idirlíon nó chun cluichí a imirt air. *Fón póca*
 - Tá sé seo níos mó ná fón póca ach is féidir é a úsáid chun brabhsáil ar an idirlíon nó chun cluichí a imirt air. *Táibléad*
 - Tá sé seo déanta as páipéar agus tá sé ildaite, is féidir scéal a léamh uaidh agus pictiúr a fheiceáil ann. *Greannán*
 - Bíonn siad seo ar chlár fógraí ar fud na cathrach. Spreagann siad daoine chun rud éigin a cheannach, mar shampla deoch, bia nó seirbhís. *Póstaer*

An tionchar a bhíonn ag na meáin chumarsáide orainn

Ceacht 8



Cur Chuige ar lean

Céim 3 – Súil Siar ar na Meáin Chumarsáide

- Cuir i gcuimhne do na leanaí gur fhoghlaim siad a lán faoi na meáin chumarsáide le hocht gceacht anuas.
- Fiafraigh de na leanaí an féidir leo aon cheann de na rudáí a d'fhoghlaim siad a ainmniú?
- Cuir i gcuimhne do na leanaí gur fhoghlaim siad:
 - Conas na cineálacha éagsúla meán a aithint agus a ainmniú.
 - Cur síos ar cad is fógraíocht ann agus a aithint go bhfuil fógraíocht i ngach áit mórthimpeall orainn.
 - A thuiscint go bhfuil ceann de cheithre sprioc seo a leanas ag an bhfógraíocht:
 - Rud a insint dúinn is gá dúinn a bheith ar eolas againn
 - A chur ina luí orainn táirge a cheannach
 - A chur ina luí orainn ár n-iompraíocht a athrú
 - Dearcadh a chur chun cinn.
 - Cur síos ar cén ‘chuma’ a bheadh ar bhunmhothúcháin (sonas, míshonas, fearg, leadrán, ionadh, eagla) agus a thuiscint conas mar a léirítear iad go físeach sna meáin chumarsáide.
 - A thuiscint conas is maith le daoine éagsúla an rud céanna ach ar chúiseanna éagsúla.
 - A thuiscint cad is bonn tuisceana ann agus roinnt de na boinn tuisceana a aithint a nglacann na meáin chumarsáide leo mar gheall ar dhaoine.
 - A thuiscint gurb é is brí le háitiú ná a chur ina luí ar dhuine rud éigin a smaoinemh nó a dhéanamh agus a thuiscint conas mar a oibríonn sé sin.
 - Cur síos ar roinnt sampla d'fhaisnéis a chonaic tú sna meáin agus a lua cad iad foinsí na faisnéise sin.
- Is féidir Teastas MediaWise a bhronnadh ar gach leanbh, ag léiriú gur ghlac siad páirt sa chlár foghlama seo.

